Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9818/23**

**COMPET 509**
**MI 455**
**ENT 110**
**EDUC 199**
**ETS 4**
**JUR 345**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Bealtaine 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 3276 final |
| Ábhar: | CINNEADH TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN an 23.5.2023 lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 3276 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 3276 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.5.2023
C(2023) 3276 final

**CINNEADH TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23.5.2023**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe seo, leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint[1]. Tagann sé sin sna sála ar fhógraí ó na Ballstáit maidir le liosta na dteideal gairmiúil atá incháilithe d'aitheantas uathoibríoch i gcomhréir le Teideal III, Caibidil III den Treoir.

Foráiltear le Treoir 2005/36/CE, a tháinig i bhfeidhm an 20 Deireadh Fómhair 2005, go bhféadfaidh seacht ngairm earnála (ailtire, dochtúir leighis, cleachtóir fiaclóireachta, cnáimhseach, altra atá freagrach as cúram ginearálta, cógaiseoir agus tréidlia) cáiliú d'aitheantas uathoibríoch dá gcáilíocht i mBallstát eile. Réamhchoinníoll amháin don aitheantas uathoibríoch sin is ea go gcomhlíonann an cháilíocht na híoscheanglais oiliúna a leagtar amach i dTeideal III, Caibidil III, Ranna 2 go 8 den Treoir sin.

Le hAirteagal 21(7) den Treoir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon fhoráil reachtach, rialála agus riaracháin a ghlacfaidh na Ballstáit chun fianaise a eisiúint ar cháilíochtaí foirmiúla a bhaineann tairbhe as aitheantas uathoibríoch. Ansin déanann an Coimisiún meastóireacht ar na haighneachtaí sin i gcoinne na n-íoscheanglas oiliúna a comhaontaíodh.

Leasaíodh Treoir 2005/36/CE le Treoir 2013/55/AE, a tháinig i bhfeidhm an 17 Eanáir 2014[2]. Le hAirteagal 21a(3) de Threoir 2005/36/CE, sonraítear ann go n-úsáidfidh na Ballstáit Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh chun fógra a thabhairt faoi na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin maidir le fianaise a eisiúint ar cháilíochtaí foirmiúla sna gairmeacha a chumhdaítear le Caibidil III. Le hAirteagal 21d(4) den Treoir sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na pointí ábhartha d'Iarscríbhinn V a thabhairt cothrom le dáta.

Go dtí seo, glacadh cúig Chinneadh Tarmligthe[3] faoin gcóras nua a tionscnaíodh le teacht i bhfeidhm Threoir 2013/55/AE.

I gcomhréir leis an iarraidh ó na Ballstáit go ndéanfaí Iarscríbhinn V a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta, go hidéalach uair sa bhliain, le teidil nua agus teidil leasaithe a bhfuil fógra tugtha acu ina leith, tá gá le cinneadh tarmligthe nua. Dá bhrí sin, leis an gCinneadh Tarmligthe seo, comhdhlúthaítear na seanteidil ghairmiúla uile. na teidil nua agus na teidil leasaithe uile ar tugadh fógra ina leith go dtí mí Lúnasa 2022.

Léiríonn na hathruithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn V cláir ar thug na Ballstáit fógra ina leith don Choimisiún, agus a d'fhormheas an Coimisiún go gcomhlíonann siad íoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna. Tá feidhm ag nós imeachta eile i gcás ailtirí, ina dtéitear i

---

1 Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

2 Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('Rialachán IMI') (IO L 354, 28.12.2013, lch. 132).

3 Cinneadh Tarmligthe (AE) 2016/790 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2016 (IO L 134, 24.5.2016, lch. 135), Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/2113 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2017 (IO L 317, 1.12.2017, lch. 119), Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/608 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2019 (IO L 104, 15.4.2019, lch. 1), Cinneadh Tarmligthe (AE) 2020/548 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2020 (IO L 131/1, 24.4.2020, lch. 1) agus Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/2183 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2021 (IO L 444, 10.12.2021, lch. 16).

gcomhairle leis na Ballstáit maidir le cé acu ar cheart teidil nó cláir nua a áireamh in Iarscríbhinn V nó nár cheart.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis na mBallstát maidir leis na leasuithe sin ar Iarscríbhinn V tríd an ngrúpa saineolaithe ábhartha ('Grúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint'[4]) agus ní dhearna na Ballstáit aon agóid.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an Cinneadh Tarmligthe seo bunaithe ar Airteagal 21a(4) de Threoir 2005/36/CE, arna leasú. Leis an Airteagal sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 57c den Treoir sin chun pointí 5.1.1 go 5.1.4, 5.2.2, 5.3.2, 5.3.3, 5.4.2, 5.5.2, 5.6.2 agus 5.7.1 d'Iarscríbhinn V a leasú. Baineann na pointí seo leis na teidil a thabhairt cothrom le dáta, teidil arna nglacadh ag na Ballstáit le haghaidh fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus, i gcás inarb iomchuí, leis an gcomhlacht a eisíonn fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla, an deimhniú a ghabhann leis agus an teideal gairmiúil comhfhreagrach.

[4] Mar a bunaíodh le Cinneadh 2007/172/CE ón gCoimisiún an 19 Márta 2007 lena mbunaítear grúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 79, 20.3.2007, lch. 38).

**CINNEADH TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23.5.2023**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint[5], agus go háirithe Airteagal 21a(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE, tá liostaí den fhianaise ar cháilíochtaí foirmiúla dochtúirí leighis, altraí atá freagrach as cúram ginearálta, cleachtóirí fiaclóireachta, tréidlianna, cnáimhseach, cógaiseoirí agus ailtirí.

(2) Comhlíonann na forálacha leasaithe ar tugadh fógra ina leith na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 24, 25, 28, 31, 34, 35, 38, 40, 41, 44 agus 46 de Threoir 2005/36/CE.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE a thabhairt cothrom le dáta.

(4) Le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/2183 ón gCoimisiún[6], athraíodh litriú roinnt iontrálacha de chuid Mhálta agus iontráil amháin de chuid na Sualainne ar fhianaise ar cháilíochtaí foirmiúla in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE, mar thoradh ar earráid agus an Cinneadh Tarmligthe sin á aistriú. Baineann sé sin le hiontrálacha de chuid Mhálta maidir le bunoiliúint leighis, obstatraic agus gínéiceolaíocht, fisiteiripe, deirmivéinéireolaíocht, véinéireolaíocht, leigheas timpiste agus éigeandála, ortodóntaic, altra atá freagrach as cúram ginearálta, cleachtóir fiaclóireachta, cógaiseoir, cnáimhseach agus ailtire, agus iontráil de chuid na Sualainne le haghaidh géineolaíocht leighis. Ba cheart na hearráidí sin a cheartú.

(5) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart na pointí ábhartha uile d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna a ionadú.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2005/36/CE a leasú dá réir,

[5] IO L 255, 30.9.2005, lch. 22.

[6] Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/2183 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna (IO L 444, 10.12.2021, lch. 16).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE agus ceartaítear í i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23.5.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Thierry BRETON*
*Comhalta den Choimisiún*